
# Labhair amach faoi thruailliú eitleán agus athrú aeráide




Má tá suim ag do chlann scríobh chuig do chuid Teachtaí Dála féin agus nó chuig an Aire Taistil mar gheall ar iarrachtaí an Rialtais chun fáil réidh leis an uasteorainn paisinéirí d'Aerfort Bhaile Átha Cliath, seo roinnt nodanna:

## Eolas ar dócha gur mhaith leat a chur san áireamh:




Tá an t-athrú aeráide ag éirí níos measa agus caithfidh gach éinne cabhrú leis an truailliú is cúis leis a laghdú chomh tapa agus is féidir. **Ceann de na rudaí  is cabhraí ar féidir le daoine fásta a dhéanamh ná bheith ag eitilt níos lú.**

Ach níl aerlínte ag cabhrú mar ba chóír. **Tá truailliú ó eitleáin ag dul i méid seachas dul i laghad in Éirinn.** Ó thaobh plean aeráide na hÉireann de, ní chuirtear eitiltí a fhágann an tír san áireamh fiú.




**Tá an ‘uasteorainn paisinéirí ’ ar an t-aon slí atá ann faoi láthair chun srian a chur le dul-i-méid ar thruailliú na n-eitleán**. Má fhaigheann an rialtas réidh leí, beidh truailliú níos díobhálaí fós mar thoradh air sin.

**Ní mór don Rialtas páistí a chosaint ó thruailliú agus ón athrú aeráide.** Caithfidh siad cluas le héisteacht a thabhairt dá bhfuil le rá ag paistí freisin maidir le truailliú agus leis an athrú aeráide. Seo iad cearta leanaí - geallúintí a rinne an Rialtas le go mbeadh saol slán sábháilte acu.



**Ní mór don Rialtas tús áite a thabhairt do chearta leanaí agus déanamh cinnte go laghdaíonn comhlachtaí cosúil le haerlínte a gcuid truaillithe. Is gá sin chun páistí a choimeád slán ón athrú aeráide.** Cialaíonn sé seo go gcaithfear an uasteorainn phaisinéirí a choimeád. Caithfidh an Rialtas a bplean chun fáil réidh léi a athrú.

# Labhair amach faoi thruailliú eitleán agus athrú aeráide



## Nodanna agus smaointe!

- Bíodh do ríomhphost nó litir gearr agus léir. Inis do do Theachta Dála go gcónaíonn tú sa cheantar a n-oibríonn siad ar a shon.
- Bí macánta maidir le do chuid mothuchán ar an ábhar seo agus cén fáth atá sé tábhachtach duit. Bí cinnte a bheith béasach!



- Cuir dathanna nó líníochtaí leis, má chabhraíonn sin le baill clainne a dtuairimí a chur in iúl.
- Má tá rud éigean ar mhaith leat go ndéanfaidís é, cuir sé sin in iúl dóibh. Mar shampla, an labhróidh siad amach ar son leanaí agus an iarrfaidh siad ar an Rialtas a bplean a chur ar ceal.



- Cuimhnigh ar d’ainm agus do sheoladh a chur ag an deireadh.
- Má tá fonn ort bualadh leo chun caint a thuilleadh faoi, tig leat ceist a chur orthu an mbeadh sin indéanta acu.
- Má tá an t-am agaibh, tig le duine fásta sa chlann glaoch a chur orthu cúpla lá ina dhiaidh chun cinntiú go bhfuair said do ríomhphost nó do litir. Beidh duine fásta sa chlann in ann a sheoladh agus a uimhir a fháil anseo - https://www.oireachtas.ie/ga/members/